

## Gníomhaíochtaí Daltaí: Meán tacar uimhreacha a fháil.

Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach “Meán” ar CD an dalta.

1. Faigh meán an tacair uimhreacha seo a leanas: 50, 40, 50, 20, 30 agus 80.

---

---

2. Bog na barraí sleamhnáin sa chomhad idirghníomhach agus faigh meán an tacair uimhreacha seo a leanas: 50, 40, 50, 20, 30 agus 80. Seiceáil go bhfuil an freagra ag teacht leis an bhfreagra ar Cheist 1.

---

---

3. Faigh meán an tacair uimhreacha seo a leanas: 10, 10, 10, 10, 10 agus 100.

---

---

4. Bog na barraí sleamhnáin sa chomhad idirghníomhach agus faigh meán an tacair uimhreacha seo a leanas: 10, 10, 10, 10, 10 agus 100. Seiceáil go bhfuil an freagra ag teacht leis an bhfreagra ar Cheist 3.

---

---

5. Faigh meán an tacair uimhreacha seo a leanas: -8, -66, -30, 8, 30 agus 66.

---

---

6. Coigeartaigh na barraí sleamhnáin sa chomhad idirghníomhach agus faigh meán an tacair uimhreacha seo a leanas: -8, -66, -30, 8, 30 agus 66. Seiceáil go bhfuil an freagra ag teacht leis an bhfreagra ar Cheist 5.

---

---

7. Faigh 3 thacar uimhreacha leis an gcomhad idirghníomhach arb é náid an meán atá acu uile.

---

---

---

8. Cén fáth a ndéantar roinnt ar 6 i gcónaí sa chomhad idirghníomhach?

---

---

9. Is é 50 an meán atá ag tacar ina bhfuil 6 uimhir, agus tá 5 cinn de na huimhreacha sin ar eolas cheana: 35, 40, 50, 64 agus 15. Faigh an séú huimhir.

---

---

Seiceáil do fhreagra leis an gcomhad idirghníomhach.

---

10. Faigh ón gcomhad idirghníomhach cad a tharlaíonn don mheán nuair a mhéadaítear sonra amháin, nó níos mó.

---

---

---

11. Faigh ón gcomhad idirghníomhach cad a tharlaíonn don mheán nuair a laghdaítear sonar amháin, nó níos mó.

---

---

12. Cliceáil an cnaipe **Athshocraigh** ar an gcomhad idirghníomhach, agus cláraigh an meán. Coigeartaigh na barraí sleamhnáin chun 5 sa bhreis a chur le gach uimhir. Cad a thugann tú faoi deara faoin meán nua i gcomparáid leis an meán a bhí ann?

---

---

13. Cliceáil an cnaipe **Athshocraigh** ar an gcomhad idirghníomhach agus cláraigh an meán. Coigeartaigh na barraí sleamhnáin chun gach uimhir a iolrú faoi a dó. Cad a thugann tú faoi deara faoin meán nua i gcomparáid leis an meán a bhí ann?

---

---

14. Cliceáil an cnaipe **Athshocraigh** ar an gcomhad idirghníomhach agus cláraigh an meán. Coigeartaigh na barraí sleamhnáin agus roinn gach uimhir ar a dó. Cad a thugann tú faoi deara faoin meán nua i gcomparáid leis an meán a bhí ann?

---